RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2023/908 ÓN gCOIMISIÚN

an 3 Bealtaine 2023

lena leasaítear den 335ú huair Rialachán (CE) Uimh. 881/2002 ón gComhairle lena bhforchuirtear bearta sriantacha sonracha áirithe atá dírithe ar dhaoine agus eintitis áirithe atá comhlachaithe leis na heagraíochtaí SIIL (Da'esh) agus Al-Qaida

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (CE) Uimh. 881/2002 ón gComhairle an 27 Bealtaine 2002 lena bhforchuirtear bearta sriantacha sonracha áirithe atá dírithe ar dhaoine agus eintitis áirithe atá bainteach leis na heagraíochtaí SIIL (Da'esh) agus Al-Qaida ([1]), agus go háirithe Airteagal 7(1)(a) agus Airteagal 7a(1) agus (5) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Le hIarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 881/2002 liostaítear na daoine, na grúpaí agus na heintitis arna gcumhdach ag reo na gcistí agus na n-acmhainní eacnamaíocha faoin Rialachán sin.

(2) An 26 Aibreán 2023 chuir Coiste Smachtbhannaí Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe a bunaíodh de bhun Rúin 1267(1999), 1989(2011) agus 2253(2015) ó Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe dhá iontráil le liosta na ndaoine, na ngrúpaí agus na n-eintiteas ar cheart feidhm a bheith ag reo cistí agus acmhainní eacnamaíocha maidir leo.

(3) De thoradh athbhreithniú teicniúil ar Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 881/2002, ba cheart dhá eintiteas a leasú ar liosta na ndaoine, na ngrúpaí agus na n-eintiteas ar cheart feidhm a bheith ag reo cistí agus acmhainní eacnamaíocha maidir leo.

(4) Ba cheart, dá bhrí sin, Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 881/2002 a leasú dá réir.

(5) Chun a áirithiú go mbeidh na bearta dá bhforáiltear sa Rialachán seo éifeachtach, ba cheart é a theacht i bhfeidhm láithreach,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leasaítear Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 881/2002 i gcomhréir leis an Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo.

Airteagal 2

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 3 Bealtaine 2023.

Thar ceann an Choimisiúin
Thar ceann an Uachtaráin
Ard-Stiúrthóir
An Ard-Stiúrthóireacht um Chobhsaíocht Airgeadais, Seirbhísí Airgeadais agus Aontas na Margaí Caipitil

([1]) IO L 139, 29.5.2002, lch. 9.

IARSCRÍBHINN

Leasaítear Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 881/2002 mar a leanas:

(1) Cuirtear na hiontrálacha seo a leanas leis faoin gceannteideal 'Daoine nádúrtha':

(a) 'Maulawi Rajab (comhainm ar ardchaighdeán: Maulawi Rajab Salahudin). Dáta breithe: 1976. Áit bhreithe: An Afganastáin. Náisiúntacht: Afganastánach. Seoladh: Ceantar Paghman, Cúige Chabúl, an Afganastáin. Eolas eile: Ceannaire sinsearach ar an Stát Ioslamach san Iaráic agus sa Leiveaint — Khorasan (ISIL-K). An dáta ainmniúcháin dá dtagraítear in Airteagal 7d(2)(i): 26.04.2023.'

(b) 'Sultan Aziz Azam. Dáta breithe: 1985. Áit bhreithe: An Afganastáin. Náisiúntacht: Afganastánach. Seoladh: An Afganastáin. Eolas eile: Urlabhraí an Stáit Ioslamaigh san Iaráic agus sa Leiveaint — Khorasan (ISIL-K). An dáta ainmniúcháin dá dtagraítear in Airteagal 7d(2)(i): 26.04.2023.'

(2) Déantar na sonraí aitheantais le haghaidh na hiontrála seo a leanas faoin gceannteideal 'Daoine nádúrtha' a leasú mar a leanas:

'Emraan Ali (comhainm ar cháilíocht íseal: Abu Jihad TNT). Dáta breithe: (a) 4.7.1967. Áit bhreithe: (a) Rio Claro, Oileán na Tríonóide agus Tobága. Náisiúntacht: (a) Oileán na Tríonóide agus Tobága; (b) Stáit Aontaithe Mheiriceá. Uimhir Pas (a) TB162181 (pas Oileán na Tríonóide agus Tobága a eisíodh an 27.1.2015 agus a chuaigh in éag an 26.1.2020); (b) 420985453 (D'imigh pas Stáit Aontaithe Mheiriceá in éag an 6.2.2017). Uimh. aitheantais náisiúnta 19670704052 (uimhir aitheantais Oileán na Tríonóide agus Tobága). Seoladh: (a) Stáit Aontaithe Mheiriceá (faoi choinneáil, Ionad Coinneála Feidearálach — Miami, Cláruimhir: 10423-509); (b) #12 Rio Claro Mayaro Road, Rio Claro, Oileán na Tríonóide (an suíomh roimhe seo 2008-Márta 2015); (c) #7 Bóthar Guayaguayare, Rio Claro, Oileán na Tríonóide (suíomh roimhe seo thart ar 2003); (d) Stáit Aontaithe Mheiriceá (Eanáir 1991-2008 roimhe seo). Eolas eile: (a) Ball sinsearach den Stát Ioslamach san Iaráic agus sa Leiveaint (ISIL), a liostaítear mar Al-Qaeda san Iaráic. Earcaíodh iad le haghaidh ISIL agus thug siad treoir do dhaoine aonair gníomhartha sceimhlitheoireachta a dhéanamh trí fhíseán ar líne. (b) Cur síos fisiceach: airde: 176 cm; meáchan: 73 kg; déanamh: meán; dath na súl: donn; dath gruaige: dubh/bald; lí: donn; (c) Tá Béarla aige. An dáta ainmniúcháin dá dtagraítear in Airteagal 7d(2)(i): 23.11.2021.'

an ró a bhaineann le Ceannteideal CC:

'Emraan Ali (comhainm ar cháilíocht íseal: Abu Jihad TNT). Dáta breithe: 4.7.1967. Áit bhreithe: Rio Claro, Oileán na Tríonóide agus Tobága. Náisiúntacht: (a) Oileán na Tríonóide agus Tobága; (b) Stáit Aontaithe Mheiriceá. Uimhir an Phas: (a) TB162181 (Pas Oileán na Tríonóide agus Tobága a eisíodh an 27.1.2015 agus a chuaigh in éag an 26.1.2020); (b) 420985453 (D'imigh pas Stáit Aontaithe Mheiriceá in éag an 6.2.2017). Uimh. aitheantais náisiúnta: 19670704052 (uimhir aitheantais Oileán na Tríonóide agus Tobága). Seoladh: (a) Stáit Aontaithe Mheiriceá (faoi choinneáil, Ionad Coinneála Feidearálach — Miami, Cláruimhir: 10423-509); (b) #12 Rio Claro Mayaro Road, Rio Claro, Oileán na Tríonóide (an suíomh roimhe seo 2008-Márta 2015); (C) #7 Bóthar Guayaguayare, Rio Claro, Oileán na Tríonóide (suíomh roimhe seo thart ar 2003); (d) Stáit Aontaithe Mheiriceá (Eanáir 1991-2008 roimhe seo). Eolas eile: (a) Ball sinsearach den Stát Ioslamach san Iaráic agus sa Leiveaint (ISIL), a liostaítear mar Al-Qaeda san Iaráic. A earcaíodh le haghaidh ISIL agus a thug treoir do dhaoine aonair gníomhartha sceimhlitheoireachta a dhéanamh; (b) Cur síos fisiceach: airde: 176 cm; meáchan: 73 kg; déanamh: meán; dath na súl: donn; dath gruaige: dubh/bald; lí: donn; (c) Tá Béarla aige An dáta ainmniúcháin dá dtagraítear in Airteagal 7d(2)(i): 23.11.2021.'

(3) Déantar na sonraí aitheantais le haghaidh na hiontrála seo a leanas faoin gceannteideal 'Daoine dlítheanacha, grúpaí agus eintitis' in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (CE) 881/2002 a leasú mar a leanas:

'An Stát Ioslamach san Iaráic agus sa Leiveaint — Khorasan (ISIL- K) (dar comhainm (a) ISIL Khorasan (b) Cúige Khorasan an Stáit Ioslamaigh (c) ISIS Wilayat Khorasan (d) Brainse na hÁise Theas de chuid ISIL e) Caibidil na hÁise Theas de ISIL). Eolas eile: Bhunaigh iarcheannasaí Tehrik-e Taliban Phacastáin (TTP) Stát Ioslamach san Iaráic agus sa Leiveaint — Khorasan (ISIL — K) an 10 Eanáir 2015 agus bhunaigh iarcheannasaithe faoi dhruid an Talaban é a thug mionn dílseachta do Stát Ioslamach san Iaráic agus sa Leiveaint (atá liostaithe mar Al-Qaida san Iaráic). Ghlac ISIL — K freagracht as go leor ionsaithe san Afganastáin agus sa Phacastáin araon. An dáta ainmniúcháin dá dtagraítear in Airteagal 7e(e): 14.5.2019.'

an ró a bhaineann le Ceannteideal CC:

'An Stáit Ioslamach san Iaráic agus sa Leiveaint — Khorasan (ISIL-K). comhainm: (a) ISIL Khorasan, (b) Cúige Khorasan an Stáit Ioslamaigh, (c) ISIS Wilayat Khorasan, (d) Brainse na hÁise Theas, (e) Caibidil na hÁise Theas de ISIL, (f) Stát Ioslamach na hIaráice agus an luaith-Sham — Cúige Khorasan, (g) Stát Ioslamach na hIaráice agus an tSiria — Khorasan, (h) Stát Ioslamach san Iaráic agus sa Leiveaint i gCúige Khorasan, (i) Stát Ioslamach Khurasan, (j) ISIS-KSISK, (k) ISISKK, (l) IS-Korasan). Eolas eile: Bhunaigh iarcheannasaí Tehrik-e Taliban Phacastáin (TTP) Stát Ioslamach san Iaráic agus sa Leiveaint — Khorasan (ISIL — K) an 10 Eanáir 2015 agus bhunaigh iarcheannasaithe faoi dhruid an Talaban é a thug mionn dílseachta do Stát Ioslamach san Iaráic agus sa Leiveaint (atá liostaithe mar Al-Qaida san Iaráic). Ghlac ISIL - K freagracht as go leor ionsaithe san Afganastáin agus sa Phacastáin araon. An dáta ainmniúcháin dá dtagraítear in Airteagal 7e(e): 14.5.2019.'